

**Sail Óg Rua**

'S nach mise an trua Mhuire a' gabháil go Carraigín an Fhásaigh  
 Ag gol is ag gárthaíl is ag déanamh bróin  
 Ag oiliúint mo linbh ar bhacán mo láimhe  
 'S gan fiú an braon bainne agam a bhéarfainn dhó.

Níl mé ach tréithlag 's níl maith dhá shéanadh  
 Níl mé ar aon nós ach mar an gceo  
 Tá fuil mo chroí istigh dhá shilt ina braonta,  
 'S a Dhia, cén t-ionadh i diaidh mo mhíle stór.

In Oileán Éadaigh atá mo ghrá 's mo chéadsearc  
 An bhean ar lig mé léi mo rún 's mé óg  
 Tá triúr ar aon chéill ag gol ina diaidhse  
 Is bean a mbréagtha mo léan, faoin bhfód.

In aois a sé déag sea fuair mé fhéin í  
 'S nár dheas an féirín í ag fear le fáil  
 Ach, a stór mo chléibhe, is tú a d'fhág liom fhéin mé  
 Mar chuaigh tú sa gcré uaim is tú i do chailín óg.

Dhá bpósfainn málóid de chailleach ghránna  
 Thógfadh a lán orm a bheith ag gol 'na diaidh  
 Ach an ógbhean bhán úd a dtug mé grá dhi  
 'S gan í ach ina páiste tráth a fuair mé í.

Dhá mbeadh a fhios a'msa nach tú a bhí i ndán dhom  
 Ní dhéanfainn gáire ná comhrá leat  
 'S go bhfuil mo chroí-se chomh dúnta i ngrá leat  
 Go dtógfar áirní de chroí na scean.

Mo ghrá do bhéilín nár chum na bréaga,  
 Do ghrua geal gléigeal mar an eala ar snámh  
 Do chomhrá tréitheach le do leanbh a bhréagadh  
 Ach a ghrá níor fhéad mé thú a thabhairt ón mbás.

Le tacaíocht ó

Muise, b'fhearr liom go mór mór i mo dhiaidh sa ród í  
Ag bleán mo bhó dhom nó i mbun an tí  
Ná saibhreas Sheoirse is é fháil le stróinse  
'S gur faoin bhfód a chuir mé stór mo chroí.

Dhá fhaide uaim siar thú in íochtar tíre  
Ba dubh í an oíche nó thriallfainn ann  
Ach mo thaobh ní shínfead le haon bhean choíchin  
Mura bhfágá mé dídean faoi do bhrollach ban.

*Traolach ó Conghaile a rinne an cheardlann seo.*